



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2024
(OR. en)

6769/24
ADD 1 REV 1
LIMITE
PV CONS 5
RELEX 218

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)
19 Feabhra 2024

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Cúrsaí reatha

Phléigh an Chomhairle an Bhealarúis agus an staid maidir leis an bhfreasúra daonlathach sa Rúis.

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin

Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

5. An staid sa Mheánoirthear

Seisiún tuairimíochta

Phléigh an Chomhairle an staid atá ag athrú sa réigiún, lena n-áirítear na riachtanais dhaonnúla.

6. An tSaiheil

Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa tSaiheil.

7. Aon ghnó eile

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Eastóin ar fáil, a rinne ionadaíocht freisin ar an Laitvia, an Liotuáin agus ar an bPolainn, maidir leis an ngá atá le dlúthpháirtíocht an Aontais tar éis chinneadh Aireacht Gnóthaí Baile na Rúise imscrúduithe ar roinnt daoine aonair ó na Ballstáit sin a sheoladh (6685/24).

Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha ‘A’ a leagtar amach in 6641/24

Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna ‘A’:

Beartas díchill chuí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta maidir le tacaíocht ón earnáil slándála do thríú páirtithe
Formheas

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Dearbhú náisiúnta maidir le beartas forairdill an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus tacaíocht á tabhairt do thríú páirtithe in earnáil na slándála Coreper II an 14 2 2024.

(2.2 Inscne-fhreagrúlacht)

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn.

Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE.

I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap “inscne” ná tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap “comhionannas inscne” ná tagairt don “chomhionannas idir mná agus fir”.

Maidir le mír 19 ar liosta na míreanna ‘A’:

Rochtain phoiblí ar dhoiciméid
Iarratas dearbhúcháin Uimh. 01/c/01/24
Formheas

RÁITEAS ÓN LAITVIA

‘Tá an Aireacht Sláinte glan i gcoinne sheasamh na Comhairle mar a leagtar amach i ndoiciméad freagra 5189/24 é maidir leis an iarraidh ar nochtadh 01/c/01/24 doiciméad a bhaineann leis an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Rialú Tobac agus le seasamh an Aontais maidir leis na saincheisteanna éagsúla a bheidh le plé ag an gComhdháil.

Ar bhonn Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, féadfar diúltú rochtain a thabhairt ar dhoiciméad ina bhfuil ráiteas tuairimí chun críoch inmheánach a bhaineann le pléití agus réamhphléití laistigh den institiúid lena mbaineann, fiú i gcás ina ndearnadh cinneadh cheana, i gcás ina mbainfí an bonn go mór de chinnteoireacht na hinstitiúide dá gceadófaí an doiciméad, mura rud é gur chun leas sáraitheach an phobail é an comhairliúchán sin.’

**Maidir le mír 26 ar
liosta na míreanna
'A':**

**Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur leis
an gcaibidlíocht le Poblacht Ghuine Bissau le haghaidh prótacal nua cur
chun feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta
Iascaigh
Formheas**

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

‘Measann an Coimisiún nach ceart é ó thaobh an dlí de go ndéanfaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht bunús dlí substainteach a léiriú.

Tá an Cinneadh lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht bunaithe ar chumhachtaí tarmligthe an Aontais a bheith ann, agus ar an mbonn sin amháin, ní ar chinneadh maidir le hinniúlacht shonrach. Is é is éifeacht theoranta dó an Coimisiún nó an tArdionadaí, de réir mar a bheidh, a údarú chun a shainphribhléidí faoi Chonarthaí an Aontais a úsáid chun tús a chur le caibidlíocht. Cinntear raon feidhme na caibidlíochta sin dá bhrí sin de réir raon feidhme chumhachtaí an Aontais. Ina theannta sin, ní féidir leis an gCinneadh ón gComhairle, lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht, saoirse chomhpháirtí ionchasach conartha an Aontais a theorannú maidir le raon feidhme na caibidlíochta a chinneadh. Dá bhrí sin, ní féidir bunús dlí beacht an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo a chinneadh sula mbeidh ábhar an chomhaontaithe ar eolas.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.’
